Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16183/24**

**RECH 522**
**IND 536**
**MI 979**
**COMPET 1160**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Samhain 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15398/24 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hardábhair<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 29 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hardábhair*, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4063ú cruinniú a bhí aici an 29 Samhain 2024.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE hARDÁBHAIR

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

– na conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2022 maidir leis an gClár Oibre Eorpach nua maidir leis an Nuálaíocht ina leagtar amach beartas nuálaíochta chun go mbeidh an tAontas ina cheannaire domhanda[1];

– an díospóireacht bheartais a bhí aici an 23 Bealtaine 2024 maidir le taighde agus nuálaíocht (T&N) maidir le hardábhair le haghaidh ceannaireacht thionsclaíoch, dírithe ar thaighde agus nuálaíocht maidir le hárdábhair a chomhordú idir an tAontas agus na Ballstáit chun ilroinnt a sheachaint, na réimsí feidhme a dtabharfar tosaíocht dóibh, agus na dea-chleachtais sna Ballstáit[2];

– na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2024 maidir le luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip, ina leagann sí béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn – mar shampla an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí eolaíochta saoil agus ardábhair – chun seasamh an Aontais i slabhraí luacha domhanda a neartú agus chun a athléimneacht agus a inbhuanaitheacht a thiomáint[3];

– na conclúidí uaithi an 24 Bealtaine 2024 maidir le tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach ina gcuireann sí in iúl gur gá ardábhair agus ciorclaíocht a chur chun cinn[4];

– an tuarascáil maidir le todhchaí an iomaíochais Eorpaigh a d'ullmhaigh Mario Draghi, a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2024, go háirithe an moladh inti i ndáil le borradh a chur faoi cheannaireacht thionsclaíoch an Aontais in ardábhair;

---

1 15602/22.
2 9333/24.
3 10182/24.
4 10127/24.

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hardábhair le haghaidh ceannaireacht thionsclaíoch, a foilsíodh an 27 Feabhra 2024[5], ina leagtar amach straitéis Eorpach chun taighde, nuálaíocht agus an cheannaireacht thionsclaíoch in ardábhair a áirithiú, ar eochairtheicneolaíocht chumasúcháin é. MEABHRAÍONN SÍ go bhfógraítear sa teachtaireacht gur ceap láinseála don dá aistriú iad an taighde agus nuálaíocht Eorpach maidir le hardábhair, go dtugtar aghaidh ar ardábhair faoi chúig cholún éagsúla, ó thaighde ar ardábhair a bheidh ann amach anseo faoi chláir thaighde an Aontais agus cláir thaighde náisiúnta agus réigiúnacha go táirgeadh agus úsáid ardábhar atá ar fáil cheana féin.

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh ar ardábhair sna blianta amach romhainn in earnálacha éagsúla. MEASANN SÍ gur den tábhacht é gur gá don Aontas dlús a chur leis an taighde agus leis an bhforbairt ar ardábhair; a acmhainneacht nuálaíochta agus monaraíochta a mhéadú agus úsáid chliste thionsclaíoch ardábhar a spreagadh chun iomaíochas an Aontais a neartú, a shlándáil eacnamaíoch a fheabhsú agus a athléimneacht agus a uathriail straitéiseach a threisiú agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

3. Aithníonn sí gur gá éiceachóras dinimiciúil, slán agus cuimsitheach a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh ardábhar ar fud an Aontais lena rannchuideofar le haistriú iomaíoch, glas agus digiteach. MEASANN SÍ gur cheart an t-éiceachóras sin a bhunú ar na láidreachtaí atá ann cheana, go rachadh sé i ngleic le bearnaí, tacú le taighde bunúsach agus feidhmeach, le forbairt agus nuálaíocht san Aontas, agus iomaíochas agus fás a spreagadh. LEAGANN SÍ BÉIM sa chomhthéacs sin ar a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha a bhfuil an acmhainneacht agus an cumas uathúil iontu chun fionnachtana eolaíocha in eolaíocht na n-ábhar a chumasú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tacú le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha chun slabhraí luacha a struchtúrú agus a nascadh.

---

5 7172/24.

4. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé go mbeadh an chéad ghlúin eile d'ardábhair sábháilte, inbhuanaithe, ciorclach agus tíosach ar acmhainní. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an prionsabal 'laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil' a chur chun feidhme maidir le hardábhair a dhearadh agus a phróiseáil, ar ábhair iad atá costéifeachtach agus iomaíoch. MEASANN SÍ go bhfuil gá le staidéir fadbhreathnaitheachta chun féachaint ar chásanna éagsúla ina bhféadfadh riachtanais a bheith ann amach anseo agus ar réitigh chiorclacha agus inbhuanaithe a fháil orthu, chomh maith le táirgeadh agus úsáid inmhianaithe ardábhar a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach amach anseo. MEASANN SÍ gur cheart na hábhair sin a bheith 'sábháilte agus inbhuanaithe de réir dearadh' chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais maidir le truailliú nialasach agus comhshaol saor ó thocsainí a bhaint amach, agus réitigh a chur ar fáil chun an uaillmhian maidir le geilleagar ciorclach Eorpach a bhaint amach, chun rannchuidiú le cuspóirí phlean tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais – lena n-áirítear an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, agus cuspóirí an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna – chomh maith le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún critéir agus beartais atá bunaithe ar fhianaise a shainaithint a luaithe is féidir chun na rioscaí a ghabhann le spleáchais straitéiseacha Eorpacha ar amhábhair chriticiúla a mhaolú trí bhíthin ardábhar. AITHNÍONN SÍ an gá atá le modhanna agus uirlisí measúnaithe chun ardábhair a thréithriú, a thástáil agus a bhailíochtú, agus le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú agus measúnuithe cuimsitheacha saolré a dhéanamh chun táirgeadh, úsáid agus diúscairt inbhuanaithe ardábhar a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM AR A PHRÁINNÍ ATÁ SÉ úsáid ghinearálta ábhar a laghdú, chomh maith lena gcastacht i dtáirgí, éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú, agus, ar an gcaoi sin, ciorclaíocht agus athúsáid ábhar a chur chun cinn chun an tionchar ar an gcomhshaol agus an spleáchas ar acmhainní a laghdú.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ardábhair ríthábhachtach do shlándáil eacnamaíoch na hEorpa. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta comhréireacha agus éifeachtúla breise a fhorbairt chun feabhas a chur ar an tslándáil taighde agus ar an mbainistiú riosca, i gcomhréir leis na luachanna agus na prionsabail a shainítear sa Mholadh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú[6].

6. Tarraingíonn sí aird ar an ngá le tosaíochtaí T&F ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach maidir le hardábhair a chomhordú le straitéisí an Aontais i ndáil leis an dá aistriú agus athléimneacht eacnamaíoch. MEABHRAÍTEAR DI na réamhthosaíochtaí a sainíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún, i réimsí an fhuinnimh, na soghluaisteachta, na tógála agus na leictreonaice, ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach san Aontas. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit chun na comhchuspóirí a shainaithint agus chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar réimsí tosaíochta maidir le taighde, forbairt agus imscaradh ardábhar, lena n-áirítear féachaint ar réimsí téamacha ar nós cúram sláinte agus agraibhia. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhchruthú idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun tosaíochtaí T&F na n-ardábhar a chur chun cinn go héifeachtach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart earnálacha a bhfuil tábhacht an-mhór eacnamaíoch, straitéiseach agus shóisialta leo a chumhdach sna chéad réimsí tosaíochta eile d'ardábhair.

---

6 IO C, C/2024/3510, 30.5.2024, lgh. 3-9.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag digiteáil T&F in ardábhair, go háirithe uirlisí samhaltaithe dhigitigh, anailísíocht/ointeolaíochtaí coiteanna sonraí agus intleacht shaorga a d'fhéadfadh dlús a chur le fionnachtain agus comhdhéanamh ábhar nuálach nua. CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH an moladh maidir le comhbhonneagar digiteach a chur ar bun le haghaidh ardábhar, a bheidh oscailte do na Ballstáit uile, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht sonraí ábhair agus na hintleachta saorga san Eoraip chun dlús a chur le dearadh agus forbairt ardábhar ar feadh na saolré iomláine,agus éiceachóras na mbonneagar taighde agus na mbonneagar teicneolaíochta agus na spásanna sonraí atá ann cheana, mar shampla an Comhghnóthas EuroHPC agus an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte, á gcur san áireamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacú leis an gcomhbhonneagar digiteach sin, a chothóidh ionchur ón saol acadúil agus ón tionscal araon agus a chabhróidh le tionscnaimh náisiúnta a chomhtháthú.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Iúil 2024 maidir le struchtúr rialachais i bhfoirm Comhairle Teicneolaíochta um Ardábhair, a dhéanfaidh gníomhaíochtaí a bhaineann hardábhair a chomhordú leis na Ballstáit agus eagraíochtaí taighde agus cistiúcháin agus le tionscail. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, nuair a bheidh an fóram sin á bhunú aige, na struchtúir atá ann cheana féin a chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha, agus aon ualach riaracháin ar na Ballstáit nach bhfuil gá leis agus aon fhorluí le ról cinnteoireachta na Comhairle agus leis an obair a dhéanann coistí an Chláir Réime T&N a sheachaint, i gcomhréir le dea-rialachas agus trédhearcacht. Is díol sásaimh di an comhar maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí coiteanna le tíortha comhlachaithe an Chláir Réime T&N, agus le tríú tíortha, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le huathriail straitéiseach an Aontais.

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá cistiú poiblí agus príobháideach agus infheistíocht i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht ardábhar do na gníomhaíochtaí atá beartaithe. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar a thábhachtaí atá sé díriú ar chur chuige cothrom atá bunaithe ar riachtanais i ngníomhaíochtaí T&N, lena n-áirítear gach leibhéal ullmhachta teicneolaí, trí Fís Eorpach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur céim eile í an chomhpháirtíocht nua 'Ábhair Nuálacha don Aontas' chun an tionscal agus an saol acadúil a thabhairt le chéile mar fhórsa agus chun níos mó infheistíocht phríobháideach a ghiniúint. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, leis an gcomhpháirtíocht thionsclaíoch nua sin, cur chuige trédhearcach, oscailte agus cuimsitheach a ghlacadh, bunaithe ar bharr feabhais agus dícheall a dhéanamh an rannpháirtíocht is leithne is féidir a bhaint amach ar fud na hEorpa agus comhar á bhunú, chun leas a bhaint as eolas, acmhainní agus saineolas ón Aontas ar fad, a réiteoidh an bealach do thionscail atá níos athléimní agus níos idirnasctha. CUIREANN SAN ÁIREAMH an obair a rinneadh san Fhóram Comhpháirteach Eorpach um Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne maidir le hardábhair a d'fhéadfadh ról tábhachtach a imirt in úsáid ardábhar nuálach.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú le forbairt ardábhar tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. MOLANN SÍ go ndéanfaí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a neartú, a shlógadh agus a bhainistiú tríd an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus trí ionstraimí eile de chuid an Aontais, mar shampla an Ciste don Nuálaíocht agus InvestEU. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sineirgí a threisiú idir cistí agus cláir an Aontais atá ábhartha d'fhorbairt ardábhar agus, ar na Ballstáit, leas iomlán a bhaint as na sineirgí sin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé sineirgí a chur chun feidhme idir na deiseanna cistiúcháin sin de chuid an Aontais ag céimdeartha ardábhar, agus sineirgí le cistiú náisiúnta agus réigiúnach a spreagadh.

11. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil luachshocrú eolais agus úsáid straitéiseach sócmhainní doláimhsithe – lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla agus rúin trádála – riachtanach do thionscail, agus go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), chun infheistíocht a mhealladh, chun luach a ghiniúint agus chun a n-iomaíochas a mhéadú. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar fhorbróirí ardábhar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an treoraíocht maidir le luachshocrú eolais.

12. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag FBManna agus ag gnólachtaí nuathionscanta maidir le taighde agus forbairt a dhéanamh agus nuálaíocht in ardábhair a spreagadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart tacaíocht a thabhairt do nuálaithe agus do FBManna ón luathchéim go dtí go mbeidh ardábhair ardfheidhmíochta agus inbhuanaithe á ndearadh agus á dtástáil. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sásraí tacaíochta, mar shampla deontais, ionstraimí airgeadais, infheistíocht chothromais, gorlanna, meantóireacht, agus rochtain ar bhonneagar, chun cabhrú le FBManna bacainní iontrála sa mhargadh a shárú agus a nuálaíochtaí a mhéadú.

13. AITHNÍONN SÍ gur gá méadú tionsclaíoch agus tráchtála a éascú agus dlús a chur leis, chun tacú le taighdeoirí, nuálaithe, an tionscal, agus go háirithe le FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag boscaí gainimh rialála agus ag caighdeáin rialála mar chumasóirí nuálaíochta.

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an soláthar poiblí a ghiaráil chun dlús a chur leis an éileamh ar ardábhair. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil, chuige sin, gá le comhroinnt faisnéise faoi nuálaíochtaí úrscothacha atá ar fáil do sholáthróirí chomh maith le comhordú níos fearr idir ceannaitheoirí móra ionas gur féidir le gnólachtaí nuálacha méadú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le scileanna nua le haghaidh modhanna agus uirlisí nuálacha, agus gur gá ábhair nua a dhearadh agus a fhorbairt. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá ar leith le scileanna in eolaíocht na n-ábhar, sa cheimic, san fhisic, san innealtóireacht agus i dteicneolaíochtaí na faisnéise. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur sheol an Coimisiún Acadamh Ardábhar, i gcomhar leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht in 2024 agus MOLANN SÍ do struchtúir agus cláir ábhartha eile atá ann cheana tabhairt faoi scileanna nua a sheachadadh. MOLANN SÍ, go ndéanfaí, i gcomhréir leis an inniúlacht náisiúnta agus leis an uathriail institiúideach, na scileanna sin a mhapáil agus, i gcás inar gá, go gcuirfí san áireamh iad i gcláir ábhartha oideachais agus oiliúna, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, agus san ardoideachas agus i gcláir ábhartha eile uas-scilithe.

16. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a chur chun cinn, tacú le tionscnaimh ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, agus conairí forbartha gairme a éascú do thaighdeoirí agus do ghairmithe sa réimse sin, sásraí soghluaisteachta idirearnála san áireamh. MEASANN SÍ gur cheart iarrachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht na mban i staidéir ETIM trí thimpeallachtaí foghlama agus oibre cuimsitheacha agus tacúla a chumasú, chun taithí phraiticiúil agus intéirneachtaí a áirithiú, agus chun eiseamláirí agus meantóireacht a chur chun cinn. IARRANN SÍ go ndéanfaí dea-chleachtais agus cás-staidéir rathúla a chur chun cinn agus a chomhroinnt maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm ardábhar chun foghlaim, nuálaíocht agus macasamhlú samhlacha rathúla a chothú ar fud an Aontais.

17. AITHNÍONN SÍ gnéithe eiticiúla agus impleachtaí sochaíocha na n-ardábhar, lena n-áirítear a dtionchar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feasacht an phobail a mhúscailt maidir le táirgeadh agus úsáid fhreagrach ardábhar. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá sé go nglacfadh an tsochaí le hardábhair agus go mbeadh muinín ag an tsochaí astu chun a áirithiú go ndéanfar iad a chomhtháthú go rathúil sa saol laethúil agus sa gheilleagar. Dá bhrí sin, MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit faisnéis fhairsing a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil d'fhonn feasacht agus tuiscint an phobail ar ardábhair a mhúscailt. MEASANN SÍ go bhféadfaí, leis an bhfaisnéis sin, aird a tharraingt ar thairbhí, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na n-ábhar sin, go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann agus muinín an phobail a chothú, agus, i gcás inarb ábhartha, go bhféadfaí í a nascadh le tionscnaimh chumarsáide atá ann cheana.

______________________